Heipitíteas C

An bhfuil mé i ndainséar?

Irish translation of *Hepatitis C – Could I be at risk?*

Cad é heipitíteas C?

Is aicíd víreasach í seo atá ábalta dochar a dhéanamh don ae agus thig léi blianta de dhrochshláinte a imirt ar dhuine. Tá vacsaín in éadan heipitíteas A agus B le fáil, ach níl sin amhlaidh i gcás heipitíteas C.

Cad é mar thógfainn heipitíteas C?

Iompraítear heipitíteas C i bhfuil an duine agus iis féidir é a fháil i leachtanna eile na colainne. De ghnáth, is í an fhuil, fiú an braon is lú di, a bhionn ina máthair aicíde. Scaiptear an víoras de ghnáth nuair a théann fuil as duine amháin isteach i sruth fola duine eile. Ní thógfaidh tú an tinneas as bheith ag croitheadh láimhe, nó as póganna, barróga, nó as leithreas, nó trí uirlisí cistine.

Scaiptear heipitíteas C sna dóigheanna seo a leanas:

- uirlisí chun drugaí a instealladh a roinnt le daoine eile. Ní gá iad a úsáid ach uair amháin nó dhó le bheith faoi dhainséar. Go coitianta, is trí snáthaidí agus steallairí is mó a scaiptear an víreas, ach is féidir infhabhtú a iompar fosta i spúnóga, scagairí, nó sopanna a úsáidtear chun cóicín a ionanálú, nó in uisce;

- fuilaistriú a bheith faighte agat (roimh Mheán Fómhair 1991), nó tairgí fola fá choinne haemaifilia a fháil (roimh 1986). Scagtar na deonacháin fola uilig anois i dTuaisceart Éireann do heipitíteas C.

Ó am go chéile, scaiptear aicíd heipitíteas C:

- nuair a thógann an leanbh, sa bhroinn nó ag am na breithe, í ón mháthair;
- caidreamh collaí gan chosaint (gan choiscín) le duine leis an víreas ;
- cóir leighis nó fiaclóireachta thar lear mar a bhféadfadh treallamh nach bhfuil aimridithe i gceart a bheith in úsáid;
- tatuáil, polladh cluaise, pollaidh colainne, nó snáthaidpholladh le huirlisí neamhaimridithe;
- ag roinnt scuab fiacal nó rasúr ar a bhfuil fuil ó dhuine leis an víreas.

Má cheapann tú go raibh tú i ndainséar mar atá luaite thuas, labhair le do dhochtúir nó le do bhanaltra.

Cad iad na hairíonna?

Tá cuid mhór daoine ann gan airíonna agus cuma na folláine orthu cé go bhfuil an víreas heipitíteas C san fhuil acu le blianta. Ach thig leo an víreas a thabhairt do dhaoine eile.

Iad siúd a bhfuil airíonna orthu, mothaíonn siad mar seo:

- tinneas éadrom amhail fliú;
- tuirse trom nó tuirse éadrom;
- samhnas nó cailliúint dúile i mbia;
- cailliúint meáchain;
- lionn dubh nó imní;
- pian i suíomh an ae (ar dheis den ghoile);
- buíocháin éadroma (dath buí sa chraiceann agus i ngealacán na súl);
- craiceann tochasach;
- pianta sna haltanna;
- drochchuimhne nó easpa díriú meabhrach;

Conas a imríonn an víreas orm go fadtréimhseach?

As cúigear le heipitíteas C, tiocfaidh biseach iomlán ar ionann agus duine amháin gan chóireáil. Ach mairfidh an t-ionfhabhtú ar feadh i bhfad ar a bhformhór. Seo na cúinsí éagsúla a bhaineann leo:

- beidh cuid gan trioblóid i rith a saoil.
- titeann éagsúlacht airíonna ar chuid eile (féach ar 'Cad iad na hairíonna?')
- tiocfaidh damáiste trom ar an ae (cioróis) ar thart fá dhuine amháin as gach cúigear. Glacann seo thart ar 20 bliain.
- i roinnt daoine le cioróis, tagann ailse ar an ae nó tagann teip iomlán ar an ae.

Conas a fhaighim amach an bhfuil an víreas orm?

Más féidir go raibh tú i dteagmháil le víreas heipitítis C, in am ar bith, thig leat anois tástáil fola a fháil go furasta. Insíonn sin duit an bhfuil an t-ionfhabhtú ort.

Cá bhfuil an tástáil fola le fáil?

Má théann tú go dtí d'íoclann, cuirfidh an dochtúir do chuid fola faoi scrúdú. Tá an tseirbhís le fáil fosta in ionaid leighis drugaí agus sa chlinic sláinte ghnéis/Mhíochaine Úraiginitiúla (GUM). (Féach Faisnéis agus Tacaíocht le haghaidh sonraí teagmhála do na seirbhísí seo.)

Má tá an toradh diúltach?

Ciallaíonn sé seo gur dócha nrach raibh tú riamh i dteagmháil leis an víreas Heipitíteas C. Ach d'fhéadfadh sé nach bhfreagródh do cholainn don vireas go ceann sé mhí. Dfhéadfadh toradh diúltach a bheith ar an triail mar sin má fuair tú infhabhtú le gairid. D'fhéadfadh do dhochtúir a chomhairliú duit triail eile a ghlacadh.

Má tá an toradh deimhneach?

Más ea, tugann an tástáil le fios gur ionsaigh an víreas thú san am a chuaigh thart, ach níl sé cinnte go bhfuil sé i d'fhuil go fóill. Ach is féidir tú a atreorú chuig saineolaí le fáil amach an bhfuil an víreas ionat go fóill nó an bhfuil dochar déanta don ae.

An bhfuil cóireáil le fáil?

Tá cóireáil don aicíd hepitíteas C ann; agus bíonn a éifeacht ag dul i bhfeabhas i dtólamh. Tá teiripe drugaí ar fáil a leigheasann an aicíd i thart fá leath na ndaoine a fhaigheann cóireáil. Pléifidh an speisialtóir agus do dhochtúir féin leat cad é an cineál cóireála is fearr duit.

Cad é a thig liom a dhéanamh dom féin má tá an víreas agam?

Má ólann tú alcól, is é an rud is tábhachtaí ná an dochar do d'ae a laghdú trí shrian a chur leis an méid a ólann tú, nó, níos fearr ná sin, éirí as an alcól ar fad.

Conas a thig liom ionfhabhtú a sheachaint agus gan an víreas a sheoladh do dhaoine eile?

- Seachain aon teagmháil dhíreach le fuil daoine eile.
- Déan deimhin de nach n-úsáideann tú aon treallamh maisiúcháin arbh fhéidir fuil a bheith air, mar shampla, rásúr, scuab fiacal, siosúr ingne, pionsúirín.
- Má tá heipitíteas C ar do chéile gnéis, tá seans éigin ann go dtógfaí an víreas le linn comhriachtana. Is féidir le húsáid coiscíní an seans a íoslaghdú. Cuidíonn siadsan fosta le cosc a chur roimh thoircheas gan choinne, VEID (Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna) agus aicídí gnéas-tarchurtha eile.
- Má tá sé ar intinn agat polladh cluaise, colainne, tatú nó snáthaidphollú a fháil, déan deimhin de go bhfuil na huirlisí: nua, glan agus aimridithe.

- Má insteallann tú drugaí, ná tabhair RIAMH na huirlisí insteallta do dhuine ar bith eile. Tá seans i gcónaí ann go bhfuil na huirlisí seo truaillithe le fuil: snáthaidí, sirincsí, spúnóga, uisce, scagairí agus treallamh ar bith eile a úsáideadh. Glaoigh ar an Chabhairlíne Náisiúnta Drugaí le heolas a fháil faoi sheirbhísí i do cheantar mar aon le treoir a fháil faoi theicnící sábháilte insteallta uimhir fóin– 0800 77 66 00.

Eolas agus tacaíocht

- Má tá ceist ar bith agat, tig leat labhairt le do dhochtúir teaghlaigh nó leis an bhanaltra.

- Tá líne faisnéise heipitíteas C ann do dhuine ar bith a bhfuil imní air/uirthi faoi heipitíteas C.
  Tel: 0800 451 451 (10am-10pm, 7 days a week)
  Textphone: 0800 085 0859 (10am-10pm, 7 days a week)

- Ofrálann **An UK Hepatitis Resource Centre** pointe comhairle agus eolais inrochtana d'achan duine atá ag lorg eolais ar heipitíteas C.
  195 New Kent Road, London SE1 4AG
  Tel: 020 7378 5495
  Information line: 0870 242 2467 (10am 4pm, Mon-Fri)
  Email: info@hepccentre.org.uk
  Website: www.hepccentre.org.uk

- Tá eolas ar fáil ón **British Liver Trust** (**BLT**) faoi gach cineál galair ae. Tá na bileoga (*Hepatitis C)* agus (*Heipitíteas C agus úsáid drugaí insteallta)* le fáil ón idirlíon. Nó cuir clúdach stampáilte le seoladh chuig:
  2 Southampton Road,
  Ringwood BH24 1HY
  Tel: 0870 770 8028.
  Email: info@britishlivertrust.org.uk
  Website: www.britishlivertrust.org.uk

- **An Cumann Haemaifilia/The Haemophilia Society:** ó thaobh heipitíteas C de, tugann siad eolas agus taca do haemaifiliaigh agus dóibh siúd atá in aontíos leo.
  First Floor, Petersham House
  57a Hatton Garden, London EC1N 8JG
  Tel: 020 7831 1020
  Freephone helpline: 0800 018 6068 (10am-4pm Mon-Fri).
  Email: info@haemophilia.org.uk
  Website: www.haemophilia.org.uk

- **Children's Liver Disease Foundation** saineolaithe iad i dtacaíocht do pháisti le galar ae.
  36 Great Charles Street
  Birmingham B3 3YJ
  Tel: 012 1212 3839
  Email: info@childliverdisease.org
  Website:: www.childliverdisease.org

- **RVH Liver Support Group** grúpa neamhspleách a chuireann cúnamh agus tacaíocht ar fáil do dhaoine a bhfuil galar ae orthu agus dá gcúramóirí ar fud Thuaisceart Éireann. Tá an grúpa comhcheangailte leis an British Liver Trust.
  Teagmháil: Gordon Cave
  Tel: 07737 718493
  Website:
  www.rvhliversupportgroup.co.uk

- **National Drugs Helpline** eolas agus comhairle díscréideach d'úsáideoirí drugaí agus dóibh siúd atá buartha fúthu.
  Tel: 0800 77 66 00

- **www.drugsalcohol.info** tugann seo liosta de na seirbhísí cóireála i dTuaisceart Éireann a bhaineann le mí-úsáid drugaí agus alcóil.

- Tá comhairle dhiscréideach le fáil saor in aisce ó **chlinicí sláinte ghnéis/ míochaine úraiginitiúla (Genito Urinary Medicine) (GUM).** Glaoigh ar cheann de na huimhreacha le coinne a fháil le clinic i mBéal Feirste nó i nDoire:

  Royal Victoria Hospital, Belfast:
  Tel: 028 9063 4050 / 028 9063 4054
  Causeway Hospital, Coleraine:
  Tel: 028 7034 6028
  Daisy Hill Hospital, Newry:
  Tel: 028 3083 5050
  Altnagelvin Hospital, Londonderry:
  Tel: 028 7161 1269

- Tabhair cuairt ar shuíomh An Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Phoiblí, ag an seoladh seo:
  www.dhsspsni.gov.uk/phealth
  nó ar shuíomh idirlín heipitíteas C an NHS
  www.hepc.nhs.uk

This leaflet is also available as PDF files in other languages from:
www.dhsspsni.gov.uk/phealth
www.healthpromotionagency.org.uk

Produced by the Health Promotion Agency for Northern Ireland on behalf of the Department of Health, Social Services and Public Safety. Crown Copyright material reproduced with the permission of the Controller of HMSO and the Queen's Printer for Scotland.